

An saol ar ais mar a bhí

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shrianta COVID-19 a mhaolófar an tseachtain seo. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. sluaite	a. <i>safety policies</i>
2. beartais sláinteachais	b. <i>antigen tests</i>
3. beartais sábháilteachta	c. <i>crowds</i>
4. i bhfianaise	d. <i>sensitive</i>
5. teorainn	e. <i>booster dose</i>
6. teastas digiteach	f. <i>limit</i>
7. tástálacha antaigine	g. <i>close contact</i>
8. gartheagmhálaí	h. <i>hygiene policies</i>
9. íogair	i. <i>digital certificate</i>
10. teanndáileog	j. <i>in light of</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Féachaigí ar an mír anois. An raibh an ceart agaibh? An raibh aon fhocal ann nár thuig sibh?



Ceist 2

Féachaigí ar an mír faoi dhó anois agus breacaigí síos aon eolas a chloiseann sibh faoi na nithe sa tábla:

Bialanna agus beáir	
Clubanna oíche	

Ócáidí sóisialta lasmuigh	
Amharclanna agus ionaid cheoil	
Searmanais reiligiúnacha	
Imeachtaí spóirt	
Obair	
Tástálacha antaigine	
Teanndáileoga vacsaíne	

Ceist 3

Éist leis an mír arís. Aimsigh foirm na bhfocal seo a bhí le cloisteáil inti:

teach: _____
 cás: _____
 seirbhís: _____
 bainis: _____
 leathan: _____
 tosaigh: _____

Ceist 4

'...seasca bliain d'aois...'

1. Tá leagan iolra ar leith ag an ainmfhocal 'bliain' tar éis na mbunúimhreacha. Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart den ainmfhocal 'bliain' anois.

	1	2	3-6	7-10
Bliain				

2. Cén aois atá ag na daoine seo a leanas? Scríobh amach gach aois i bhfocail.

an cara is fearr leat _____
 an duine in aice leat _____
 d'aintín nó d'uncail is óige _____
 an t-aisteoir is fearr leat _____

Ceist 5 ‘...Déanfar...’

1. Cén saorbhriathar, aimsir fháistineach, atá ag na briathra seo a leanas?

cuir dún aimsigh ceannaigh

2. Cuir an réimír ‘ní’ rompu anois.
3. Scríobh amach gach ceann acu san fhoirm cheisteach.
4. Breac síos gach sampla den saorbhriathar san aimsir fháistineach a chloiseann tú sa mhír.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas atá cúrsaí maidir le COVID-19 in Éirinn faoi láthair, i gcomparáid le tíortha eile?
2. An bhfuil tú sásta go mbeidh deireadh le cuid mhór de na srianta? Cén fáth?
3. Tá an lán athruithe i ndiaidh teacht ar ár saol laethúil de dheasca COVID-19. Cad iad?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Pléigh stór focal na míre leis an rang tar éis na chéad éisteachta.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	h	a	j	f	i	b	g	d	e

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

teach: *tithe (tábhairne)*
 cás: *(líon) na gcásanna*
 seirbhís: *(gnáthuaireanta) seirbhíse*
 bainis: *bainiseacha*
 leathan: *níos leithne*
 tosaigh: *go dtosófar*

Ceist 4

1.

	1	2	3-6	7-10
Bliain	aon bhliain amháin	dhá bhliain	trí, ceithre, cúig, sé bliana	seacht, ocht, naoi, deich mbliana

2. Iarr ar fhoghlaimoirí éagsúla na haoiseanna a chur i láthair an ranga.

Ceist 5

1. Cuirfear, dúnfar, aimseofar, ceannófar.
2. Ní chuirfear, ní dhúnfar, ní aimseofar, ní cheannófar.
3. An gcuirfear, an ndúnfar, an aimseofar, an gceannófar.
4. Déanfar, osclófar, caithfear, leanfar, go ndéanfar, ceadófar, go gcuirfear, go dtosófar.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Déanfar srianta COVID-19 a mhaolú tuilleadh fós Dé hAoine. Beidh cead ag na sluaite fillleadh ar imeachtaí móra spóirt. Beidh tithe tábhairne agus bialanna ar ais ar ghnáthuaireanta oscailte agus osclófar clubanna oíche arís. Ach fós féin caithfear beartais sláinteachais agus sábháilteachta a leanacht¹, a deir an rialtas.

Caoimhe Ní Laighin

Bhí sé i gceist ag an Rialtas deireadh a chur le go leor srianta COVID-19 Dé hAoine seo chugainn, ach i bhfianaise líon na gcásanna den ghalar sa tír a bheith ag ardú i gcónaí, bhí gá le plan úr.

San earnáil fáilteachais leanfar leis na beartais sláinteachais agus sábháilteachta mar theastais vacsaínithe, maisc agus scaradh sóisialta go dtí mí Feabhra. Tíocfaidh gnáthuaireanta seirbhíse i bhfeidhm i mbialanna agus i mbeáir arís. Ní bheidh teorainn feasta le líon na ndaoine ag ócáidí laistigh ná lasmuigh.

Bhí go leor cainte roimh an bhfógra inniu faoi chlubanna oíche. Beidh córas na dteastas digiteach i bhfeidhm iontu. Deir an Taoiseach nach féidir aon socrú amháin a fhógairt a bheas feiliúnach do gach rud ach gur féidir leo oscailt a fhad is go ndéantar iad chomh sábháilte agus is féidir.

Ní gá teastas a thaispeáint ag ócáidí sóisialta taobh amuigh níos mó. Ceadófar amharclanna agus ionaid cheoil a líonadh, a fhad is go bhfuil gach uile dhuine ina suí. Ní bheidh teorainn feasta ar líon na ndaoine ag bainiseacha nó searmanais reiligiúnacha. I bhfianaise an fhógra maidir le himeachtaí taobh amuigh, beidh cead páirceanna nó staideanna spóirt a líonadh go hiomlán ón Aoine.

Maidir leis an bhfillleadh ar obair, ba chóir cead a thabhairt do dhaoine fillleadh más mian leo agus má tá sé sábháilte dóibh, nó ba chóir cead a thabhairt dóibh oibriú ón mbaile go fóillín.

Beidh rogha níos leithne feasta ag tástálacha antaigine. Faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, má dheimhnítear duine éigin atá iomlán vacsaínithe ina ghartheagmhálaí, agus mura mbíonn aon chomharthaí sóirt orthu, ní chuirtear comhairle orthu tástáil PCR a dhéanamh. Ach, fógraíodh inniu go gcuirfear tástáil antaigine chuig na daoine sin feasta.

An Dr. Gabriel Beecham, Dochtúir Ospidéal Neamh-Chomhairleach, Ospidéal Beaumont

Níl tástálacha antaigine chomh híogair céanna agus mar sin bíonn torthaí bréagdhíultacha ann níos minice, go háirithe mura bhfuil aon rian COVID ag gabháil leis na hothair ag an am sin. Tá seans ann go mbeadh léamh mícheart ag an othar ar an scéal agus go mbeadh tionchar ar an gcaoi a n-iompraíonn daoine iad féin.

Caoimhe Ní Laighin

Tá teandáileoga den vacsaín le tabhairt do dhaoine os cionn seasca bliain d'aois, ach ní raibh sé mar chuid den bhfógra inniu go dtosófar á dtabhairt d'oibrithe sláinte san am atá romhainn.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

¹ *leanúint* an leagan caighdeánach